**RABHADH**
**Ní mór duit an ceistpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe; mura ndéantar sin caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo** →

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2020

## EOLAÍOCHT TALMHAÍOCHTA – GNÁTHLEIBHÉAL

2 uair 30 nóiméad

*Don Fheitheoir amháin*

Stampa an Ionaid

*Treoracha Ginearálta*
TÁ DHÁ ROINN SA SCRÚDPHÁIPÉAR SEO

*Roinn a hAon* Ní mór **sé** cheist a fhreagairt
Tá 20 marc ag gabháil le gach ceist
Scríobh do fhreagraí sna spásanna atá ann dóibh ar an scrúdpháipéar seo

*Roinn a Dó* Ní mór **trí** cheist a fhreagairt
Tá 60 marc ag gabháil le gach ceist
Scríobh do fhreagraí i do fhreagarleabhar

*Iomlán na Marcanna 300 marc*
*Níor chóir níos mó ná 45 nóiméad a chaitheamh ar Roinn a hAon*
*Ba chóir 105 nóiméad a fhágáil do Roinn a Dó*

## ROINN a hAON (120 marc)

**Treoracha**

Scríobh do scrúduimhir sa spás atá ann di ar leathanach 1.

Freagair **sé** cheist. Tá **20** marc ag gabháil le gach ceist.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

Coinnigh do chuid freagraí gearr.

### Ceist 1.

(a) Úsáidtear criathair ithreach, mar a léirítear, sa tsaotharlann chun uigeacht sampla ithreach a aimsiú.

Cad a chiallaíonn an téarma *uigeacht ithreach*?



____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

(b) Agus úsáid á bhaint agat as módh oiriúnach ar bith, tabhair breac-chuntas ar na céimeanna a ghlacfá chun uigeacht sampla ithreach a aimsiú sa tsaotharlann.

____________________________________________________

____________________________________________________

____________________________________________________

____________________________________________________

____________________________________________________

(c) Tabhair cúis le **haon** cheann **amháin** de na céimeanna i gcuid (b).

____________________________________________________

____________________________________________________

____________________________________________________

## Ceist 2.

(a) Comhlánaigh an tábla thíos i dtaca le gach aon cheann de na hainmhithe feirme ainmnithe.

| **Ainmhí** | **Fad iompair (toircheas)** | **Meáchan an tsleachta nuabheirthe (kg)** |
|---|---|---|
| Muc | | |
| Caora | | |
| Bó | | |

(b) (i) Cad é maothal (gruth buí)?

___________________________________________________________________

(ii) Tabhair **dhá** chúis a bhfuil tábhacht le maothal.

1. ________________________________________________________________

2. ________________________________________________________________

## Ceist 3.

Cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra ceart i **ngach** cás chun a léiriú cé acu fíor (F) nó bréagach (B) atá na ráitis thíos, mar a léirítear sa sampla.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Sampla:** | **Úsáidtear clárfhiacla chun bia a chogaint.** | **F** | **(B)** |
| (a) | Is piocháin a fhaightear ar dhuillí plandaí iad na stómaí. | F | B |
| (b) | Is ainmhithe athchogantacha iad muca. | F | B |
| (c) | Úsáidtear eorna bhraiche i ndéantús alcóil. | F | B |
| (d) | Baictéir is cúis leis an mbrúsallóis in eallach. | F | B |
| (e) | Is planda a dhéanann fosúchán ar nítrigin an tseamair. | F | B |
| (f) | Is cineál ‘céadphrátaí luatha’ atá i bprátaí Golden Wonder. | F | B |
| (g) | Is bruthcharraig atá sa ghaineamhchloch. | F | B |
| (h) | Seasann CCB do Chóimheas Comhshóite Beatha. | F | B |
| (i) | Pumpálann méadailín deas an chroí fuil timpeall an choirp. | F | B |
| (j) | Tugtar cóta leathair ar larbha an ghaláin. | F | B |

## Ceist 4.

Ainmnigh **gach** aon phíosa trealaimh agus innealra feirme a thaispeántar thíos **agus** luaigh an fheidhm atá le **gach aon** cheann acu.

Ta trealamh A comhlánaithe duit sa tábla.



**A**



**B**



**C**



**D**



**E**




**F**

| Trealamh/ Innealra | Ainm | Feidhm |
|---|---|---|
| A | Rollóir | Meallta ithreach a bhriseadh nó ithir a chothromú nó teagmháil síolta leis an ithir a mhéadú nó pócaí aeir a bhaint as an ithir |
| B | | |
| C | | |
| D | | |
| E | | |
| F | | |

## Ceist 5.

(a) Luaigh **dhá** fhoinse truaillithe ar fheirm.

Foinse 1. ______________________________________________

Foinse 2. ______________________________________________

(b) Déan cur síos ar iarmhairtí díobhálacha **gach** ceann de na foinsí truaillithe feirme thuas.

Iarmhairt fhoinse 1. ______________________________________________

______________________________________________

Iarmhairt fhoinse 2. ______________________________________________

______________________________________________

(c) Cuireann leibhéil an gháis dé-ocsaíde carbóin ($CO_2$), atá ag méadú san atmaisféar, leis an téamh domhanda. Luaigh **dhá** chleachtas feirmeoireachta ar féidir laghdú i leibhéil na dé-ocsaíde carbóin san atmaisféar a bheith mar thoradh orthu.

Cleachtas 1. ______________________________________________

Cleachtas 2. ______________________________________________


## Ceist 6.

(a) Taispeántar sa léaráid roinnt codanna de chorás díleá an athchogantaigh.
Is é cuid A an t-éasafagas.

Ainmnigh na codanna B, C, D agus E.

B ________________ C ________________

D ________________ E ________________




(b) Meaitseáil **gach** cuid lipéadaithe den léaráid lena feidhm cheart sa tábla thíos.

| Feidhm | Cuid (an litir cheart i ngach cás) |
|---|---|
| Fáisceann, agus ionsúnn uisce | |
| Brúnn bia aníos arís isteach sa bhéal | |
| Críochnaíonn díleá an bhia | |
| Tá baictéir agus prótasóin ann a dhíleánn ceallalós | |

## Ceist 7.

Luaigh cúis **amháin** le **gach ceann** ar leith de na cleachtais feirme seo thíos.

(a) Ainmhithe feirme a vacsaíniú.

(b) Folcadáin crúb a úsáid ar fheirm chaorach.

(c) Prátaí síl deimhnithe a fhás.

(d) Fo-ithir a threabhadh.

(e) Fálta sceach a chothabháil.

## ROINN A DÓ (180 MARC)

**Treoracha**

**Scríobh do chuid freagraí ar Roinn a Dó i do fhreagarleabhar.**

Freagair **trí** cheist ar bith. Tá **60** marc ag gabháil le gach ceist.

### Ceist 8.

(a) (i) Tarraing léaráid lipéadaithe de chóras innilte banraí.

(ii) Luaigh **dhá** bhuntáiste **agus dhá** mhíbhuntáiste leis an innilt bhanraí.

(b) Déantar féar tirim agus sadhlas ar fheirmeacha in Éirinn.

(i) Tabhair cuntas achomair ar **cheithre** chéim i ndéanamh féir ardchaighdeáin **agus** mínigh an tábhacht le **haon cheann amháin** de na céimeanna sin.

(ii) Glactar na céimeanna seo thíos nuair a bhíonn sadhlas ardchaighdeáin á dhéanamh. Luaigh cúis **amháin** le **gach ceann** ar leith de na céimeanna thíos.

1. An féar a bhaint ar lá gréine.
2. Ligean don fhéar bainte sleabhcadh.
3. An féar bainte a rolladh nó a bhurláil.
4. An féar a chlúdach le plaisteach.

(c) Déan cur síos ar thástáil shimplí amháin is féidir le feirmeoir a chur i gcrích ar an sadhlas ar láthair na hoibre. Tabhair freisin toradh féideartha na tástála sin **agus** luaigh cad a chiallaíonn an toradh maidir le fiúntas an tsadhlais.

## Ceist 9.

(a) (i) Úsáideann feirmeoirí aolchloch mheilte ($CaCO_3$) chun pH na hithreach a ardú.

Cén dúil cheimiceach san aolchloch mheilte is tábhachtaí in ardú pH na hithreach?

(ii) Luaigh **dhá** shlí ina bhféadfadh ithir éirí aigéadach.

(iii) Déan cur síos ar an tslí a n-aimseofá pH sampla ithreach.

(b) Leasachán cumaisc coitianta a úsáidtear ar fheirmeacha na hÉireann is ea 10-10-20.




(i) Ainmnigh na trí phríomhchothaitheach plandaí in 10-10-20.

(ii) Luaigh feidhm aon cheann **amháin** de na trí chothaitheach plandaí in 10-10-20.

(c) Is dhá chineál dramhaíola ainmhithe feirme iad aoileach agus sciodar.

(i) Luaigh conas a stóráiltear **gach aon cheann** díobh ar fheirm.

(ii) Luaigh **dhá** dhifríocht idir comhdhéanamh aoiligh agus comhdhéanamh sciodair.

(iii) Ní mór sciodar a shuaitheadh sular féidir é a leathadh.

Luaigh **dhá** réamhchúram a ghlacann feirmeoirí nuair a bhíonn sciodar á shuaitheadh.

## Ceist 10.

(a) Ta 60 crómasóm i gcealla sómacha (cealla coirp) eallaigh.

(i) Cé mhéad crómasóm atá i ngaiméítí eallaigh?

(ii) Ainmnigh an t-orgán ina dtáirgtear na gaiméítí baineanna in eallach.

(iii) Ainmnigh an cineál cilldeighilte a tháirgeann gaiméítí.

(b) San arbhar, tá an ailléil i gcomhair síolphlandaí glasa (G) ceannasach ar an ailléil i gcomhair síolphlandaí ailbíneacha (g). Crosáladh planda arbhair a bhí homaisigeach maidir le dath glas (GG) le planda arbhair a bhí homaisigeach maidir le dath ailbíneach (gg).

**Cóipeáil agus comhlánaigh an chrosáil seo i do fhreagarleabhar**.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Feinitíopaí na dtuismitheoirí | Glas | | Ailbíneach |
| Géinitíopaí na dtuismitheoirí | (GG) | x | (gg) |
| Gaiméítí | ( ) | x | ( ) |
| Géinitíopa an tsleachta | | ( ) | |
| Feinitíopa an tsleachta | ______________________________ | | |

(c) Crosáladh dhá phlanda, a raibh an géinitíopa céanna leis an sliocht thuas acu, lena chéile. **Cóipeáil agus comhlánaigh é seo a leanas i do fhreagarleabhar,** chun géinitíopaí agus feinitíopaí féideartha na crosála seo a thaispeáint.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Géinitíopaí na bplandaí | | ( ) | | x | | ( ) | |
| Gaiméítí féideartha | ( ) | | ( ) | x | ( ) | | ( ) |
| Géinitíopaí an tsleachta | | ( ) | | ( ) | | ( ) | |
| Feinitíopaí an tsleachta | ____________________ | | | | ____________________ | | |

(d) Baintear úsáid as an gcrosphórú go forleathan sa talmhaíocht.

(i) Cad a chiallaíonn an téarma *crosphórú*?

(ii) Luaigh buntáiste **amháin** le córas crosphóraithe.

## Ceist 11.

(a) (i) Ainmnigh **dhá** phór bó déiríochta.

(ii) Luaigh an chúis go bhfuil aon cheann **amháin** de na póir sin oiriúnach mar phór déiríochta.

(iii) Déantar ba a dhealú ar fheirmeacha déiríochta.

Luaigh **dhá** chúis a ndealaítear ba déiríochta.

(b) Bíonn bodóga athsholáthair de dhíth ar fhiontar déiríochta.

(i) Ainmnigh **dhá** thréith inmhianaithe ag bodóga athsholáthair.

(ii) Cén aois ba cheart a bheith ag bodóg nuair a bheirtear a céad lao?

(iii) Cad é spriocmheáchan bodóige agus í ar tí a céad lao a bhreith?

(iv) Luaigh **dhá** chomhartha a d'fheicfeadh feirmeoir i mbodóg agus í ar tí breith.

(c) (i) Cad a chiallaíonn *bailscóráil choirp*?

(ii) Conas a dhéantar bailscór coirp bó a mheasúnú?

(iii) Cad a bheadh ina chúis le bailscór coirp íseal a bheith ag bó?

(iv) Cén bailscór coirp a bheadh inmhianaithe do bhó ag am breithe lao?

## Ceist 12.

(a) (i) Luaigh **dhá** shlí ina bhfuil struchtúr duille in oiriúint don fhótaisintéis.


(ii) Stóráileann duille an stáirse a dhéanann sí i rith na fótaisintéise.
Úsáidtear an modh seo a leanas chun duille a thástáil i gcomhair láithreacht stáirse.

1. Cuir an duille in uisce atá ar fiuchadh i gcomhair roinnt bheag soicindí.
2. Fiuch an duille in alcól nó i mbiotáille mheitileach.
3. Sruthlaigh an duille in uisce bogthe.
4. Doirt tuaslagán iaidín ar an duille.

Luaigh an chúis le **gach ceann** ar leith de na gnáthaimh thuas a dhéanamh.

(iii) Tar éis na gcéimeanna thuas, cén dath a thagann ar an duille má bhíonn stáirse i láthair?

(b) (i) Taispeántar cuid de chóras eisfheartha ainmhí sa léaráid.





Cad a chiallaíonn an téarma *eisfhearadh*?

(ii) **I do fhreagarleabhar**, ainmnigh codanna na léaráide a bhfuil na lipéid A, B, C orthu

(iii) Ainmnigh **dhá** shubstaint a bhaintear as an bhfuil nuair a théann sí tri chuid A.

(iv) Ainmnigh **dhá** orgán eisfheartha eile i gcorp ainmhí feirme.

(c) (i) **I do fhreagarleabhar**, ainmnigh codanna an bhlátha a bhfuil na lipéid A, B, C, D orthu.




(ii) An ndéantar an bláth seo a phailniú leis an ngaoth nó le feithidí?

Luaigh **dhá** chúis le do fhreagra.

(iii) Cad a fhorbraíonn as an gcuid a bhfuil an lipéad E uirthi?

(iv) Cad a fhorbraíonn as an gcuid a bhfuil an lipéad C uirthi?

(v) Luaigh **trí** thoisc atá riachtanach chun go bpéacfaidh síolta.

## Ceist 13.

Freagair **dhá** cheann ar bith de (a), (b), (c), (d). **(30 marc, 30 marc)**

(a) (i) Ainmnigh **dhá** thoisc a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar theocht ithreach.

(ii) Cad is dúrabhán ann?

(iii) Luaigh **dhá** bhuntáiste le dúrabhán.

(iv) Luaigh **dhá** shlí ina bhféadfadh péisteanna talún an ithir a fheabhsú.

(v) Cad a d'fhéadfadh pobal na bpéisteanna talún in ithir a laghdú?

(b) (i) Déan cur síos ar eorna gheimhridh **nó** eorna earraigh faoi na ceannteidil seo thíos:

1. Am síolchuir. 2. Am bainte. 3. Barr (táirgeacht) a mbeifí ag súil leis.

(ii) Ainmnigh galar a thagann ar eorna.

(iii) Ainmnigh lotnaid a chuireann isteach ar eorna.

(iv) Luaigh **dhá** thoisc a fhágann gur féidir grán a stóráil go sábháilte le linn an gheimhridh.

(c) Déan cur síos ar riar uan achréidhe faoi na ceannteidil seo a leanas:

(i) Aire ag am breithe.

(ii) Athruithe sa réim bia.

(iii) Tithíocht.

(iv) Srianadh galar.

(v) Aois ag am scoite.

(d) (i) Luaigh **dhá** fheidhm le próitéin chothaithe i gcorp ainmhí feirme.

(ii) Déan cur síos ar conas bia a thástáil chun láithreacht próitéine a dheimhniú.

(iii) Déan idirdhealú idir bulcbhia agus dlúthbhia **agus** tabhair sampla de **gach** ceann.

(iv) Cad a chiallaíonn an téarma *cuid chothaithe*?

(v) Cad a chiallaíonn an téarma *cuid táirgeachta*?